

Preasráiteas Press Release 31.03.2020	Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com	*Brief English language summary is available on page 2.
--	--	---

Comórtas Físeáin: ‘Tá Gaeilge agam’

Spríocdháta Dé Luain 06.04.2020

An bhfuil aon Ghaeilge agat? An bhfuil tú ag foghlaim Gaeilge? An bhfuil tú sásta í a úsáid? An bhfuil cónaí ort i nGaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh? Má tá, ba bhreá linn cloisteáil uait.

Tá feachtas físe úrnua seolta ag Gaeilge Iorrais leis na haidhmeanna seo a leanas;

- Cainteoirí Gaeilge agus foghlaimeoirí Gaeilge a aimsiú i limistéar Gaeltachta Mhaigh Eo Thuaidh, atá ollmhór agus thar a bheith scaipthe;
- Comhghuaillíocht agus muintearas a chothú idir cainteoirí Gaeilge agus foghlaimeoirí Gaeilge an limistéir;
- Feasacht a ardú maidir le ról an duine aonair in úsáid teanga agus i gcur chun cinn na Gaeilge go háitiúil;
- Muinín a chothú i labhairt na Gaeilge agus i gcóras físe atá ar ghutháin chliste;
- Spraí agus gníomh a mhealladh ar son na Gaeilge.

Breis Eolais:

- Tá an comórtas seo oscailte do chainteoirí Gaeilge (lucht labhartha na Gaeilge, foghlaimeoirí Gaeilge, cainteoirí dúchais Gaeilge agus mar sin de) atá ina gcónaí i limistéar Gaeltachta Mhaigh Eo Thuaidh.
- Chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo, seol d’fhíseán gearr ‘Tá Gaeilge agam’ (**15-20 soicind ar a mhéad**) chuig gaeilgeiorrais@gmail.com roimh **Dé Luain 6 Aibreán 2020**.

- Tá an comórtas seo oscailte do dhaoine fásta amháin (18+ d'aois).
- Ní mór do théama gach físe tagairt a dhéanamh don ráiteas - 'Tá Gaeilge agam.'
- D'fhéadfaí rudaí den chineál seo a leanas a lua freisin, m.sh. cé tú féin, cá bhfuil cónaí ort, cén úsáid a bhaineann tú as do chuid Gaeilge?' **Bronnfar pointí breise don chruthaitheacht agus/nó d'fhéith an ghrinn!**
- Cuirfear na físeáin is fearr ar fáil **go poiblí**. Mar shampla, ar leathanach Facebook 'Gaeilge Iorrais' agus/nó ar shuíomh gréasáin Ghaeilge Iorrais.
- Bronnfar **duaiseanna maithe** i bhfoirm dearbhán ar na físeáin is fearr. Dearbháin do shiopaí agus gnólachtaí áitiúla ina bhfuil seirbhís trí Ghaeilge le fáil a bheidh ann.
- **Má tá Gaeilge agat, cuma cé mhéad ach tú a bheith sásta í a úsáid, ba bhreá linn cloisteáil uait.**

Sampla amháin:

- 'Is mise Laoise. Tá cónaí orm anseo ar an Eachléim. Tá Gaeilge agamsa agus ag mo mhadra Bouli. Labhraíonn muide Gaeilge chuile lá. Níl mé cinnte faoi na cearc ná na caoirí! Ba bhreá linn cloisteáil uaitse mar chuid den fheachas nua seo. Bí i dteagmháil linn go beo.'

Léiríonn físeán samplach Laoise nach gcaithfidh d'fhíseán a bheith foirfe. Níl ann ach gur mhaith linn aithne a chur ort agus beagnánín spraoi agus gníomh a chothú ag an am aisteach seo.

***Brief English language summary**

Gaeilge Iorrais is launching a video campaign focused on the central theme of 'Tá Gaeilge agam.' This competition hopes to encourage Irish language speakers, learners and enthusiasts from the North Mayo Gaeltacht to put together a brief 15-20 second clip *as Gaeilge* on their smartphone and use the phrase 'Tá Gaeilge agam.'

A selection of the best video clips will be shared publicly on Gaeilge Iorrais Facebook page and website. Vouchers for local businesses which offer an Irish language service will be awarded to the best and most entertaining clips.

Monday 6th April is the closing date for applications, which should be emailed to gaeilgeiorrais@gmail.com. We look forward to hearing from you.